Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2023
(OR. en)

9977/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0160(NLE)**

**MI 469**
**ECO 50**
**ENT 116**
**UNECE 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9699/23 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip i leith tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 13, 16, 24, 41, 49, 51, 54, 75, 78, 79, 83, 85, 94, 95, 101, 109, 110, 117, 127, 129, 134, 135, 137, 153 agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí domhanda fíorthiomána, maidir le togra le haghaidh modhnú ar RTD Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe, agus maidir le togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le tomhas saotharlainne ar astaíochtaí ó choscáin i gcás feithiclí saothair éadroim<br>– Glacadh |

1. Chuir an Coimisiún dréacht den togra thuas faoi bhráid na Comhairle an 4 Bealtaine 2023.

2. Bhí malartú tuairimí ag an Meitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) maidir leis an dréacht-togra an 10 Bealtaine 2023. Rinneadh an togra a thíolacadh agus a scrúdú go foirmiúil ag cruinniú na Meithle an 25 Bealtaine 2023, tar éis don Choimisiún é a ghlacadh an 23 Bealtaine 2023.

3. An 30 Bealtaine 2023, chomhaontaigh na toscaireachtaí an togra ón gCoimisiún a leasú chun an Leasú ar ECE/TRANS/WP.29/2022/58 (Measúnú Nua/Modh Tástála maidir le Treoirlínte le haghaidh Tiomáint Uathoibrithe (NATM) i gcás Bhailíochtú an Chórais Uathoibrithe Tiomána) a chur san áireamh, chomh maith leis an tagairt doiciméid ECE/TRANS/WP.29/2023/44/Rev.1 nach raibh ar chlár oibre an 190ú seisiún de chuid WP.29 UNECE tráth a sheol an Coimisiún próiseas glactha a thogra.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, an méid a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú,

– a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 9705/23 é agus tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

5. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh seo.